16 – 27 Marta 2026



# Póstaer agus gníomhaíocht feachtais

Athraigh do thuras, athraigh do scoil

## Am atá de dhíth

30-40 bomaite

## Acmhainní atá de dhíth

Páipéar agus pinn luaidhe

## Gníomhaíocht aonair/grúpa

An dá rud

## Nasc curaclaim

- Na healaíona: Ealaín agus dearadh
- Teanga agus litearthacht

## Cuspóirí

A thuigbheáil cad é mar is féidir leis an taisteal ghníomhach tairbhe a dhéanamh do scoil.

Póstaer a chruthú le níos mó daoine a spreagadh le taisteal gníomhach a úsáid, rud a d'fhéadfadh forbairt ina fheachtas scoile níos leithne.

## Plean don tseisiún

Spreag plé ar an dóigh a bhféadfadh daltaí ag úsáid taisteal gníomhach tairbhe a dhéanamh don scoil.

Tabhair tasc do dhaltaí póstaer a chruthú ag míniú bealach amháin nó níos mó ar féidir leis an taisteal ghníomhach cuidiú leis an scoil. Is féidir na póstaeir a dhéanfaidh na daltaí a úsáid i nuachtlitreacha scoile nó a chur suas timpeall na scoile nuair a bheas siad réidh, mar sin abair leo cad é a toradh deireanach a bheas ann, agus cé a bhfuil siad ag iarraidh tionchar a imirt orthu lena bpóstaer nó a scríbhneoireacht. Tá seicliosta fá choinne scríbhneoireacht áititheach curtha ar fáil do dhaltaí againn. Más gá thig le daltaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i mbeirteanna.

**Leid:** cuir do phóstaeir chuig bigwalkandwheel@walkwheelcycletrust.org.uk le saothar daltaí a chur ar taispeáint.

## Obair bhreise

Amharc ar na samplaí feachtais seo agus pléigh cad é a dhéanann feachtas maith:

- Is féidir leis an chailín seo
- Scéal Greenpeace fa bhuidéal plaisteach

Spreag daltaí le smaoineamh ar fheachtas ar thaisteal gníomhach is féidir a chomhroinnt i dtionól scoile nó le comhairle na scoile. Spreag daltaí le bheith cruthaitheach, thiocfadh leo taibhiú a dhéanamh, amhrán a scríobh nó físeán a dhéanamh.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Leathanach oibre an dalta:

# Póstaer agus gníomhaíocht feachtais

Athraigh do thuras, athraigh do scoil


## Treoracha

Tarraing póstaer le daoine ar scoil a spreagadh le taisteal gníomhach a úsáid. Ón méid atá foghlamtha agat go dtí seo, cé chomh mór is a bheadh an tairbhe a bheadh ann don scoil dá mbeadh níos mó daoine ag siúl, ag rothaíocht, ag scútáil agus ag dul i gcathaoir rotha chun na scoile? Cén tionchar a bheadh aige?

**Smaoinigh fá:** Cén difear a dhéanfadh sé níos lú carranna a bheith timpeall na socile?

Dá ndéanfadh sibh taisteal gníomhach é mar a mhothófá agus mar a mhothódh do chairde nuair a bhainfeadh sibh an scoil amach?

Amhar ar ár gcartún thíos anseo le noda agus leideanna a fháil!




## An dóigh le póstaer tarraingteach a dhéanamh

- Déan leagan garbh nó sceitse ar dtús sula ndéanfaidh tú an leagan is fearr de do chuid oibre.
- Cuir an teachtaireacht is tábhachtaí ag an tús.
- Déan cinnte go bhfuil do chuid scríbhneoireachta soiléir agus furasta a léamh.
- Roghnaigh dathanna soiléire atá tarraingteach.
- Tarraing pictiúir a dhéanfaidh do phóstaer níos suimiúla.
- Coinnigh do phóstaer gairid agus simplí. Má tá barraíocht eolais ann b'fhéidir nach léifidh daoine é.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Leathanach oibre an dalta:


# Póstaer agus gníomhaíocht feachtais

Athraigh do thuras, athraigh do scoil

## Gníomhaíocht bhreise

Ag breathnú siar ar do phóstaer, aimsigh smaointe fá choinne feachtais a chuireann chun cinn agus a tharraingíonn aird ar bhuntáistí an taistigh ghníomhaigh chun na scoile. D'fhéadfadh sé gur físeán, amhrán nó taibhiú atá ann.

**Smaointe fá choinne físeáin/taibhiú:** D'fhéadfá script ghairid a scríobh agus scéalchlár a tharraingt ag taispeáint cad é a tharlódh san fhíseán.



Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)